Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Samhain 2017
(OR. fr)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0351 (COD)**

**14775/17**
**ADD 1**

**CODEC 1892**
**COMER 125**
**WTO 287**
**ANTIDUMPING 18**
**IA 194**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1036 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad agus Rialachán (AE) 2016/1037 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Dearbhuithe |

**<u>Ráiteas ón gCoimisiún maidir le socrú idirthréimhseacha</u>**

Meabhraíonn an Coimisiún gurb é is aidhm don mhodheolaíocht nua go leanfar de chosaint ar chleachtais éagóracha trádála a chothabháil, go háirithe na cleachtais sin a eascraíonn as saobhadh suntasach sa mhargadh, a thabhairt do thionscal an Aontais. I ndáil leis sin, áiritheoidh an Coimisiún nach ndéanfaidh an tAontas aon ualach breise a thabhú agus cosaint á hiarraidh aige faoin ionstraim fhrithdhumpála, go háirithe i gcomhthéacs na n-iarrataí ar athbhreithnithe éaga a d'fhéadfaí a thaisceadh tar éis theacht i bhfeidhm na modheolaíochta nua.

**Dearbhú ón gCoimisiún maidir le hAirteagal 23 agus maidir le hidirghníomhaíocht le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle**

Déanfaidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas aon uair a bheidh sé beartaithe aige tuarascáil de bhun Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán a chur le chéile nó a nuashonrú. I gcás ina gcuirfidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an Coimisiún ar an eolas go measann siad go gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh tuarascáil de bhun Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán a chur le chéile nó a nuashonrú, déanfaidh an Coimisiún an ghníomhaíocht iomchuí agus déanfaidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas dá réir.

**Dearbhú ón gCoimisiún maidir leis na tuarascálacha de bhun Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán**

Déanfaidh an Coimisiún úsáid a bhaint go tapa as an bhféidearthacht dá bhforáiltear in Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán chun tuarascálacha ar shaobhadh suntasach a chur le chéile, chun go mbeidh na tuarascálacha sin ar fáil do pháirtithe leasmhara agus aighneachtaí a bhféadfadh feidhm a bheith ag Airteagal 2(6a)(c) den bhun-Rialachán ina leith á n-ullmhú acu. Déanfaidh sé treoir maidir le húsáid na dtuarascálacha sin a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara.